

## Seisiún ‘Fág Gach Rud ar Leataobh agus Déan Machnamh’ do Sheachtain na Frithbhulaíochta

### Gníomhaíocht Ceachta do Bhunscoileanna

#### Nóta do Mhúinteoirí:

Is féidir an ghníomhaíocht ceachta seo a leasú le cur in oiriúint do dhaltáí a bhfuil cumais éagsúla acu agus atá ar aoiseanna difriúla. Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go gcruthaíonn siad timpeallacht shábháilte do dhaltáí chun cad a bhfuil siad ag machnamh air agus a gcuid smaointe faoina luachanna a roinnt gan breithiúnas a bheith tugtha orthu nó gan a bheith ag mothú cotúil.

Seans go mbeidh conradh ranga OSPS cruthaithe ag múinteoirí leis na daltaí chun treoir a thabhairt maidir le conas a dhéantar topaicí fogair agus pearsanta a phlé sa seomra ranga. Mura bhfuil, ansin bheadh sé tábhachtach am a ghlacadh chun é seo a dhéanamh ag tús an cheachta seo.

I bhFoireann Uirlisí OSPS de chuid an CNCM, tá sraith acmhainní úsáideacha ann chun tacú le teagasc agus foghlaim na dtopaicí a bhaineann le OSPS. Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar threoir maidir le conradh ranga a chruthú ón aonad foghlama *Tuiscint a Fháil Orainn Féin* de chuid an FSS [anseo](#).

Is é aidhm an cheachta seo chun rochtain a dhéanamh ar luachanna an phobail scoile mar a bhaineann siad le cosc a chur ar an mbulaíocht agus cur chun cinn an chuimsithe, an chomhionannais, agus na héagsúlachta. Bainfear é seo amach trí dhíriú ar an gcoincheap maidir le cineáltas, ar chóir go mbeadh daltaí bunscoile in ann a thuiscint, agus trí ráiteas/íomhá de luach cineáltais a léiríonn é sin.

Moltar am ciorcail, a chuidíonn le caidreamh dearfach a fhorbairt idir daltaí trí rannpháirteachas agus trí ghníomhaíochtaí spráilúla, mar am chun an ghníomhaíocht ceachta seo a reáchtáil.

Agus sibh ag caint faoin mbulaíocht is féidir leis a bheith conspóideach agus mar sin ba chóir duit a chur i gcúimhne do do dhaltáí cé dó ar féidir leo insint má tá an bhulaíocht ag dul i bhfeidhm orthu.

## **Léargas Ginearálta:**

Cuidíonn ár luachanna lena thuiscint go bhfuil iompar bulaíochta mícheart agus gur féidir le gach duine ról a bheith aige/aici chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta. Sa ghníomhaíocht ceachta seo, táimid ag díriú ar an gcineáltas mar luach ar chóir do gach duine sa scoil é a chur chun cinn agus a roinnt.

Sa seisiún seo, breathnófar ar conas is féidir le hiompar cineálta cosc a chur ar bhulaíocht agus dul i ngleic léi.

### Aidhm:

- Daltaí a éascú chun tuiscint a fháil ar conas is féidir le gach duine cosc a chur ar bhulaíocht agus dul i ngleic léi má bhímid cineálta agus a chinntiú go bhfuil na leanaí uile sábháilte agus sona ar scoil.

### Intinní foghlama – Beidh daltaí in ann:

- Plé a dhéanamh faoi cad is bulaíocht ann agus conas a d'fhéadfadh duine a bheith ag mothú mar gheall ar bhulaíocht a bheith á déanamh air/uirthi.
- Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le bheith cineálta le daoine eile, cad is iompar cineálta agus an tslí inar féidir cineáltas a léiriú chun cuidiú le cosc a chur ar bhulaíocht agus dul i ngleic léi.
- Ionchur a bheith acu i ráiteas luacha “cineáltas” nua nó tugtha suas chun dáta do do scoil.

### Cur Chuige Teagaisc agus Foghlama:

- Déanfar an ghníomhaíocht ceachta seo a sheachadadh trí chur chuige foghlama comhoibríoch agus trí chur chun cinn atmaisféir dhearfaigh sa seomra ranga. Ba chóir go mbeadh na múinteoirí agus na cúntóirí riachtanas speisialta sa seomra ranga rannpháirteach sa ghníomhaíocht agus ionchur a bheith acu sa ráiteas luacha, agus ag an am céanna cur chuige faoi threoir daltaí a chur chun cinn. Ag baint úsáid as acmhainní amhairc, ba chóir go ndéanfadh na múinteoirí an plé a éascú.

### Ábhair/Trealamh:

- Teimpléad de Chrann Cineáltais / Chrann Measa (méid A4)
- Nótaí Post-it
- Páipéar
- Pinn Dhaite/Criáin

### Físeáin

<https://www.youtube.com/watch?v=oRPiOePKP8Q>

- Scéal Buzz's – Frithbhulaíocht FUSE agus Clár Sábháilteachta Ar Líne - Ceardlann 1

### Am sa Rang atá ag Teastáil:

- Ba chóir go nglacfadh an príomhcheacht 15-30 nóiméad. Ach, ag brath ar aois agus ar chéim forbartha na ndaltaí atá i gceist, beidh ar an múinteoir cinneadh a dhéanamh faoi cé mhéad ama a bheidh ag teastáil chun chun forbairt a dhéanamh agus breathnú ar luach an chineáltais leis na daltaí sula mbogtar ar aghaidh go dtí an chuid gníomhaíochtaí. B'fhéidir go mbeidh gá leis an bhfoghlaim a leathadh thar dhá thréimhse ranga.
- Moltar go mbeidh an seisiún seo ar siúl mar sheisiún **“Fág Gach Rud ar Leataobh agus Déan Machnamh”** ag am oiriúnach in amchlár na scoile. Go hidéalach, ba chóir go réachtáilfeadh an scoil uile an ceacht seo ar an dáta céanna agus ag an am céanna, má tá sé seo indéanta.

### Acmhainní Úsáideacha:

- Snáitheanna agus Aonaid Snáithe Churaclam an OSPS

## An Creat a Mholtar do Gníomhaíocht an Cheachta

### Réamhrá don Cheacht:

- Tá sé mar aidhm ag an seisiún seo go mbeadh daltaí páirteach i gcruthú ráitis luacha scoile atá bunaithe ar chineáltas. Mar mhalairt air sin, cruthaíonn siad físeach agus rogha focal á n-úsáid acu a léiríonn cineáltas agus an chaoi a gcruthaíonn sé sin scoil atá ionchuimsitheach agus fáilteach.
- Tá an cineáltas mar phríomhchuid den straitéis chun iompar bulaíochta a chosc. Is féidir le bulaíocht tarlú nuair nach léirítear meas ar dhuine aonair nó ar ghrúpa daoine agus nuair nach léirítear cineáltas ina leith. Mar thoradh ar iompar cineálta a léiriú i suíomh scoile féadfar timpeallachtaí a chruthú ina bhfuil sé deacair ag bulaíocht tarlú agus nuair a tharlaíonn sí cuidíonn sé le dul i ngleic léi ar bhealach níos éifeachtaí.
- Sa cheacht seo, feicimid Buzz ag fulaingt iompar bulaíochta (as líne agus ar líne) agus úsáidtear é sin mar leid chun an tionchar atá ag iompar bulaíochta a phlé agus cad is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic leis.

### Céim 1 – Cad is Bulaíocht ann?

Seinn an Físeán de Buzz ón gClár Frithbhulaíochta agus Sábháilteachta ar Líne FUSE

- Iarr ar na daltaí an méid a tharla do Buss san fhíseán a phlé.
- Lig dóibh samplaí a thabhairt den chaoi a bhféachann sé a bheith '*an-ghrána le daoine eile*', mar gur féidir leis sin plé a éascú a chuideoidh le bonn eolais a chur faoina dtuiscint ar an gciall atá le bulaíocht.
- Fiafraigh de na daltaí cad iad na bealaí éagsúla a bhféadfaí bulaíocht a dhéanamh agus an áit a bhféadfadh sí tarlú laistigh nó lasmuigh den scoil.
- Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh Buzz mothú de bharr na bulaíochta agus an chosúlacht a d'fhéadfadh a bheith uirthi, mar go bhféadann mórán cruthanna a bheith ar an mbulaíocht agus go mothaíonn daoine bulaíocht ar bhealaí éagsúla.
- Ina dhiaidh sin, déan plé leis na daltaí maidir leis na bealaí éagsúla le bheith cineálta a d'fhéadfadh na pearsanra éagsúla san fhíseán a léiriú ionas nach ndéanfaí bulaíocht ar Buzz sa scoil.

### Céim 2: Féachann sé Cosúil Le/Mothaíonn sé Cosúil Le.

- Míniú gurb é bun agus barr na gníomhaíochta seo ná iniúchadh a dhéanamh ar an gciall atá le bheith cineálta sa saol laethúil. Abair leo go bhfuilimid chun na rudaí is féidir linn a dhéanamh dá chéile agus a rá le chéile a phlé, ar rudaí iad a léiríonn iompar cineálta agus a mothaíonn daoine eile sábháilte agus luachmhar dá mbarr.
- Tá sé mar chuspóir ag an gcuid seo den cheacht cuidiú leis na daltaí a thuiscint gur féidir lenár n-iompar cuidiú linn féin agus le leanaí eile mothú sona nó brónach.
- Cuir dhá leathanach smeach-chairte ar an gclár. Ar bharr leathanaigh amháin scríobh, "Féachann sé cosúil le Cineáltas" agus ar bharr an dara leathanach scríobh, "Mothaíonn sé cosúil le Cineáltas". Ar gach leathanach, tarraing duine cipíneach (d'fhéadfá "Buzz" a thabhairt ar an duine cipíneach sin).
- Cén chaoi a mbeadh a fhios agat go bhfuil daoine eile ag léiriú cineáltais duit eile ó na rudaí/gníomhaíochtaí a dhéanann siad? Taifead faoi "Féachann sé cosúil le Cineáltas"
- Cén chaoi a mothófaí dá mbarr sin? Cineáltas a léiriú. Taifead faoi "Mothaíonn sé cosúil le Cineáltas"
- Sampla – téann barróg a thabhairt do Buzz ar "féachann sé cosúil le cineáltas", téann mothú go bhfuil grá ag duine duit ar "mothaíonn sé cosúil le cineáltas".

### Céim 3: Treoir chun Gnímh

- Agus na focail a sholáthair na daltaí á n-úsáid agat, aimsigh na focail is tábhachtaí, dar leosan, nuair atáthar ag dul i ngleic leis an mbulaíocht sa scoil. Ansin, is féidir leis na daltaí ráiteas luacha a fhorbairt nó a uasdátú agus físeach a chruthú den ráiteas nó de na focail a roghnaíodh. Is féidir iad sin a chur ar taispeáint ina dhiaidh sin i gcuid de na bealaí a mholtar thíos.
- Seo roinnt samplaí:
- Nuair atá an ghníomhaíocht a bhaineann le Féachann sé Cosúil Le/Mothaíonn sé Cosúil le críochnaithe, iarr ar na daltaí focal amháin an duine a roghnú, ar focal é atá tábhachtach dóibhsean. Tarraing an focal sin ar leathanach A4 agus dathaigh é chun póstaer a chruthú. Is féidir leo pictiúr a tharraingt freisin chun an focal atá roghnaithe acu a léiriú. D'fhéadfaí na focail a cheangal de phíosa sreangáin agus "stiallbhratacha cineáltais" a dhéanamh astu agus is féidir iad sin a chur ar taispeáint sa scoil.
- Cruthaigh Crann Cineáltas (teimpléad iniata) agus úsáid á baint as na focail a roghnaíodh.

Seo a leanas roinnt smaointe eile faoin mbealach a bhféadfá do ráiteas/d'fhíseach cineáltais a chur ar taispeáint:

Cruthaigh Néal Focal	Dear póstaer ar féidir iad a chur ar taispeáint ar fud na scoile	Cruthaigh "Crann Luachanna" ar bhalla tiomnaithe i do scoil (amhail thuas)
Scannánaigh físeán/spól gearr ina mínítear luachanna do scoile	Cruthaigh gealltanas ranga nó scoile do sheachtain na Frithbhulaíochta - roinn é sin ar do bhealaí meán sóisialta na scoile	Cruthaigh bratach agus cuir ar taispeáint i do scoil í
Cum acrainm agus na focail a roghnaigh tú á n-úsáid agat	Scríobh dán nó acraستاic bunaithe ar do Ráiteas Luacha	Péinteáil múrphictiúr

<sup>1</sup>Is féidir leat íomhánna de do Ráiteas Luacha/de d'fhíseach, agus an chaoi ar chuir tú ar taispeáint é a chur chuig, <https://tacklebullying.ie/anti-bullying-week/>. Déanfar rogha de na híomhánna sin a thaispeáint ar an suíomh gréasáin [tacklebullying.ie](https://tacklebullying.ie).

<sup>1</sup> Ba cheart do scoileanna a chinntiú go ndéantar íomhánna ar bith a chuirtear ar aghaidh chuig <https://tacklebullying.ie/anti-bullying-week> a roinnt i gcomhréir le polasaí RGCS na scoile. Ba cheart don scoil toiliú na dtuismitheoirí a lorg i dtaca le roinnt íomhánna daltaí, i gcomhréir le polasaí na scoile féin.

